Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10968/21**

**HYBRID 48**
**DISINFO 25**
**AG 69**
**CYBER 216**
**DIGIT 103**
**AUDIO 72**
**FREMP 216**
**CMPT 12**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | *Disinformation affecting the EU: tackled but not tamed* [Bréagaisnéis lena ndéantar difear don Aontas: tugadh fúithi ach ní bhfuarthas smacht uirthi fós] (Tuarascáil Speisialta CIE Uimh. 9/2021)<br>- Conclúidí ón gComhairle (19 Iúil 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le *Disinformation affecting the EU: tackled but not tamed* [Bréagaisnéis lena ndéantar difear don Aontas: tugadh fúithi ach ní bhfuarthas smacht uirthi fós] (Tuarascáil Speisialta CIE Uimh. 9/2021), a glacadh ag an 3809ú cruinniú den Chomhairle an 19 Iúil 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, dar teideal *Disinformation affecting the EU: tackled but not tamed*[Bréagaisnéis lena ndéantar difear don Aontas: tugadh fúithi ach ní bhfuarthas smacht uirthi fós]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Disinformation affecting the EU: tackled but not tamed* [**Bréagaisnéis lena ndéantar difear don Aontas: tugadh fúithi ach ní bhfuarthas smacht uirthi fós] (dá ngairtear 'an Tuarascáil' anseo feasta)** agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí agus moltaí na Cúirte maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis;

(2) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ábhartha ón gComhairle Eorpach[1] agus ón gComhairle[2], agus ADMHAÍONN gur gá iarrachtaí a neartú agus a leathnú a thuilleadh agus cur leis na tionscnaimh atá ann cheana chomh maith le tionscnaimh nua, amhail an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach[3], an Plean Gníomhaíochta i gCoinne na Bréagaisnéise[4], an Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis[5] agus an Plean Gníomhaíochta um na Meáin agus an Earnáil Closamhairc[6], lena n-áirítear teacht ar réitigh leormhaithe faoi chuimsiú na caibidlíochta reachtaí i ndáil leis an togra le haghaidh Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha, agus cinn eile agus é mar aidhm an tAontas Eorpach, a Bhallstáit, saoránaigh den Aontas agus institiúidí an Aontais a chosaint ar bhréagaisnéis, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá cúnamh a thabhairt do Chomharsanachtaí an Aontais agus do na Balcáin Thiar ó thaobh athléimneacht i gcoinne na bréagaisnéise agus na trasnaíochta eachtraí a neartú;

---

[1] Go háirithe, na conclúidí ón gComhairle Eorpach, Meitheamh 2019, Márta 2019, Nollaig 2018, Deireadh Fómhair 2018, Meitheamh 2018, Márta 2018, Meitheamh 2015 agus Márta 2015.

[2] Go háirithe, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an athléimneacht a neartú agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (13626/20), na conclúidí maidir le harrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac (14972/19), na conclúidí maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint (13260/20).

[3] 13678/20 INIT

[4] JOIN(2018) 36 final

[5] https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=54454

[6] COM(2020) 784 final

(3) MEABHRAÍTEAR DI a hiarrachtaí chun feabhas a chur ar na bearta lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis, lena n-áirítear cúbláil eachtrach faisnéise, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a seasamh go n-éilítear cur chuige cuimsitheach uile-rialtais agus uile-shochaí chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar nós na bréagaisnéise, lena mbainfidh comhar agus comhordú dea-fheidhmiúil, cé gur freagracht phríomha de chuid na Ballstáit é i gcónaí, i gcomhréir le conclúidí mhí na Nollag 2019 ón gComhairle, mar a tugadh ar aird sna conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2020[7];

(4) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór do na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, chomh maith le dioscúrsa daonlathach poiblí, rochtain ar fhaisnéis agus ar shaoirse na meán a chosaint, lena n-áirítear nuair a bhíonn toghcháin ar siúl;

(5) AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bPlean Gníomhaíochta i gCoinne na Bréagaisnéise a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na conclúidí ábhartha ón gComhairle, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh roinnt tionscnamh ó shin i leith, lena n-áirítear córas mear-rabhaidh a bhunú, ar ionstraim thábhachtach d’institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit í chun faisnéis a mhalartú agus chun gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chumasú, lena n-áirítear trí chomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta ar nós G7 agus ECAT;

[7] 13626/20.

(6) AITHNÍONN SÍ go raibh ról lárnach ag an Roinn um Chumarsáid Straitéiseach in SEGS agus a Tascfhórsaí (Tascfhórsa East Stratcom, Tascfhórsa na mBalcán Thiar, an Tascfhórsa Theas) maidir le tacú le hiarrachtaí níos ginearálta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis agus chun cur go mór le feasacht agus le hinfheictheacht níos fearr na ngníomhaíochtaí agus na n-insintí bréagaisnéise, trí ghníomhaíochtaí an tionscadail suaitheanta de chuid EUvsDisinfo freisin, lena n-áirítear i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 mar a thuairiscítear i dTeachtaireacht Chomhpháirteach 2020[8], agus MEABHRAÍTEAR DI a seasamh, a luaitear i gconclúidí mhí na Nollag 2020 ón gComhairle, inar iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí cur chuige iomlánaíoch, córasach agus réamhghníomhach a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméin dhifriúla trí iarrachtaí cuimsitheacha ar thaobh an Aontais agus na mBallstát, idir bhearta coisctheacha, foinsí a bhrath, a cháiliú agus a shainaithint, agus freagairtí beartais leormhaithe éifeachtacha lena bhféadfaí costais a fhorchur ar ghníomhaithe stát eachtrach naimhdeacha agus ar ghníomhaithe neamhstáit trí athléimneacht shochaíoch a fhorbairt, trí shláine na díospóireachta poiblí a chosaint agus trí bhealaí eile;

(7) ADMHAÍONN SÍ na dúshláin atá roimpi, agus an bhréagaisnéis ag éirí níos sofaisticiúla, le héagsúlú na ngníomhaithe agus le mear-éabhlóid teicneolaíochtaí nua, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta faoi na treochtaí is déanaí agus faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thugtar leis an mbréagaisnéis; sa chomhthéacs sin, TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE gur doiciméad beartais tábhachtach é an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, a cuireadh i láthair ag deireadh 2020, lena nuashonraítear gnéithe áirithe den Phlean Gníomhaíochta i gCoinne na Bréagaisnéise;

(8) MEABHRAÍTEAR DI a seasamh a luadh i gconclúidí mhí na Nollag 2020 ón gComhairle agus IARRANN SÍ ar na geallsealbhóirí uile lena mbaineann a n-iarrachtaí a neartú a thuilleadh agus tacú le cur chun feidhme na spriocanna a shainítear sa Phlean Gníomhaíochta i gCoinne na Bréagaisnéise, agus timpeallacht dhigiteach agus thraidisiúnta na meán atá ag athrú go gasta agus na dúshláin gaolmhara á gcur san áireamh, amhail an gá atá le breis feabhais a chur ar litearthacht sna meáin agus oibriú ar an straitéis chuimsitheach uile-Aontais le haghaidh na meán agus na litearthacht digití chun iolrachas, neamhspleáchas agus trédhearcacht a neartú agus chun dea-chleachtais a mhalartú i measc na mBallstát chun creat daonlathach níos athléimní a bhunú;

---

[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020JC0008&from=EN

(9) MOLANN SÍ d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais feabhas a chur ar a gcomhordú idirinstitiúideach agus ar a gcomhordú laistigh de na hinstitiúidí chun a áirithiú go mbeidh freagairtí an Aontais comhleanúnach agus dea-ailínithe leis na cuspóirí a chuirtear i láthair sa Phlean Gníomhaíochta i gCoinne na Bréagaisnéise agus le tionscnaimh beartais agus reachtacha eile de chuid an Aontais maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis;

(10) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé faireachán cuí agus meastóireacht chuí a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun an tAontas Eorpach, a Bhallstáit, saoránaigh den Aontas agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a chosaint ón mbréagaisnéis agus, dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí féachaint ar an gcaoi ina bhféadfar an cuntasacht a neartú, lena n-áirítear an fhéidearthacht creat a fhorbairt chun an pobal a chur ar an eolas agus chun an tsochaí shibhialta a chumhachtú, chomh maith le tuairisciú don Chomhairle, agus gníomhaíochtaí mar sin á gcur chun feidhme;

(11) IS DÍOL SÁSAIMH DI na tionscnaimh atá beartaithe agus an obair atá ar bun i gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, ar iarrachtaí tráthúla iad chun an Plean Gníomhaíochta i gCoinne na Bréagaisnéise a thabhairt cothrom le dáta, agus faoi chuimsiú na gcaibidlíochtaí reachtacha i ndáil leis an togra le haghaidh Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a riachtanaí atá sé creat iomchuí, cuimsitheach, éifeachtach a bhunú chun cuntasacht agus freagracht na n-ardán ar líne a mhéadú mar a bheartaítear sna tionscnaimh nua beartais agus reachtacha, agus IARRANN SÍ go mbeidh an Chomhairle bainteach leis sin i gcónaí, trína comhlachtaí ábhartha ullmhúcháin, sa phlé uile a dhéanfar amach anseo maidir le cur chun feidhme agus sa dul chun cinn a dhéanfar maidir leis na gníomhaíochtaí réamhluaite;

(12) IS DÍOL SÁSAIMH DI an Treoir faoi conas an cód cleachtais maidir leis an mbréagaisnéis a neartú agus scrúdóidh sí a bhfuil sa Chód Cleachtais maidir leis an mBréagaisnéis go grinn, agus CUIREANN an Chomhairle i dTREIS, sa chomhthéacs sin, gur gá cuntasacht na n-ardán ar líne a neartú a thuilleadh;

(13) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt go pras do na hiarrachtaí a dhéantar sna hinstitiúidí ábhartha Eorpacha agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh orthu, agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, in éineacht leis na Ballstáit, leanúint den Roinn um Chumarsáid Straitéiseach in SEGS a neartú, lena n-áirítear a acmhainní daonna, agus breis forbartha a dhéanamh ar an gcóras mear-rabhaidh d'fhonn an leas is fearr a bhaint as agus an córas mear-rabhaidh a bhunú mar ardán cuimsitheach a úsáidfear go coitianta lena gcumasófar malartú faisnéise agus eolais, forbairt líonraí agus freagairt níos comhordaithe ar an mbréagaisnéis ar mhaithe leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí an Aontais;

(14) MEASANN SÍ, i bhfianaise ról méadaitheach na ngníomhaithe nua atá taobh thiar d'fheachtais bhréagaisnéise, gur cheart sainordú na Roinne um Chumarsáid Straitéiseach in SEGS a athbhreithniú, agus b'fhéidir an sainordú sin a leathnú, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór timpeallacht athraitheach na bagartha a chur san áireamh, lena n-áirítear teacht chun cinn gníomhaithe nua, agus cur chuige rioscabhunaithe á choimeád ag an am céanna nuair a bheidh tosaíochtaí á meas, agus cuspóirí soiléire beartais na Roinne um Chumarsáid Straitéiseach in SEGS a leagan amach;

(15) MOLANN SÍ na hiarrachtaí breise atá á ndéanamh ag an bhFaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha chun a cuspóirí a chomhlíonadh go héifeachtach agus chun cumhdach geografach níos cothroime a bhaint amach, agus CUIREANN SÍ i dTREIS gur gá tuilleadh bearta chun tacú le litearthacht sna meáin agus le litearthacht dhigiteach do gach aoisghrúpa, chomh maith le hiolrachas sna meáin, neamhspleáchas na meán agus seiceáil neamhspleách fíricí, agus é mar aidhm saoránaigh den Aontas agus comhlachais an Aontais a chumhachtú chun an bhréagaisnéis a bhrath agus chun feasacht a mhúscailt maidir leis an mbréagaisnéis agus leis na rioscaí eile a chruthaítear agus a mhéadaítear trí theicneolaíochtaí nua a úsáid;

(16) ÁIRITHÍONN SÍ go leanfaidh an Chomhairle den Phlean Gníomhaíochta i gCoinne na Bréagaisnéise agus na doiciméid a bheidh ann ina dhiaidh sin a scrúdú agus a phlé go mion sna míonna atá le teacht, lena n-áirítear i bhfianaise na mbarúlacha a chuirtear chun cinn sa tuarascáil. CUIREANN an Chomhairle I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé caitheamh leis na tionscnaimh éagsúla reachtacha agus beartais maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis ar leibhéal an Aontais ar bhealach comhleanúnach, tráthúil, comhlántach go frithpháirteach agus aontaithe, i ndáil le ceannasacht na mBallstát, agus aon ilroinnt beartais agus dúbláil ar ghníomhaíochtaí á seachaint.